

# Míniú ar an árachas sláinte





An tÚdarás Árachais Sláinte  
The Health Insurance Authority

# Cé muid féin

Is éard atá san Údarás Árachais Sláinte ná comhlacht Stáit a rialaíonn an margadh árachais sláinte príobháideach in Éirinn. Soláthraímid eolas faoi árachas sláinte atá saor in aisce agus neamhchlaonta.

Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin le haghaidh eolais faoi árachas sláinte agus chun comparáid a dhéanamh idir polasaithe árachais sláinte trí úsáid a bhaint as ár n-uirlis chomparáide saor in aisce.

[www.hia.ie](http://www.hia.ie)

# Clár ábhar

Árachas slainte a cheannach agus a athnuachan.....	2
Praghsanna, faoiseamh cánach agus lascaíní.....	6
Tréimhsí feithimh.....	9
Pobalrátú Saoil.....	11
Ceisteanna cotianta .....	12

# Árachas sláinte a cheannach agus a athnuachan

Tá dhá chineál árachais sláinte príobháideach in Éirinn – árachas sláinte príobháideach d’othair chónaitheacha agus pleananna airgid árachais sláinte.

Is árachas é **árachas sláinte príobháideach d’othair chónaitheacha** a chlúdaíonn gach cuid de do chotais leighis nó cuid díobh. Is féidir le duine ar bith a bhíonn ina gcónaí de ghnáth i bPoblacht na hÉireann árachas sláinte a cheannach beag beann ar aois, inscne, stádas sláinte nó stair leighis.

Is iad seo na príomhbhuntáistí a bhaineann leis an árachas sláinte príobháideach:

- Clúdach le haghaidh seomra leathphríobháideach nó príobháideach in ospidéal;
- Clúdach le haghaidh seirbhísí comhairligh othar cónaitheach mar other príobháideach;
- Clúdach eile, lena n-áirítear buntáistí máthreachais, clúdach thar lear, síciatrach agus clúdach d’othair seachtracha.

**Árachas sláinte - Pleananna airgid tirim** Leis na pleananna seo, soláthraítear méid airgid atá leagtha síos le haghaidh réimse imeachtaí leighis. Murab ionann is árachas sláinte d’othair chónaitheacha, ní chlúdaítear leis seo seal san ospidéal mar othar príobháideach. Seans go mbeidh tú ábalta suim sheasta a éileamh ar ais, ach níl an méid seo nasctha le costas do sheala san ospidéal. Mar shampla, d’fhéadfadh sé go mbeidh tú ábalta €50 a éileamh le haghaidh gach oíche a chaitheann tú san ospidéal.

I roinnt pleananna tugtar airgead ar ais le haghaidh costais othar seachtracha ar nós cuairteanna chuig an dochtúir teaghlaigh nó fisiteiripe.

## An féidir le duine ar bith árachas sláinte a cheannach?

Is féidir. Is féidir le daoine a bhíonn ina gcónaí de ghnáth i bPoblacht na hÉireann árachas sláinte a cheannach beag beann ar aois, inscne, stádas sláinte nó stair leighis. Is féidir leat plean ar bith a cheannach atá ar fáil ar an margadh.

Tabhair do d'aire, áfach, go bhféadfadh sé tarlú go mbeidh ort tréimhse feithimh a chur isteach nuair a cheannaíonn tú árachas sláinte den chéad uair. Le haghaidh tuilleadh eolais faoi tréimhsí feithimh, féach 9.

## An féidir le hárachóir diúltú árachas sláinte a dhíol liom nó mo pholasaí a athnuachan toisc go bhfuil riocht sláinte agam?

Ní féidir. Mar sin féin, b'fhéidir go mbeidh ort tréimhse feithimh a chur isteach nuair a cheannaíonn tú árachas sláinte den chéad uair nó má bhogann tú go dtí plean a chlúdaíonn buntáistí breise. Le haghaidh tuilleadh eolais faoi tréimhsí feithimh, féach 9.

“

*B'fhéidir go mbeidh ort tréimhse feithimh a chur isteach nuair a cheannaíonn tú árachas sláinte den chéad uair nó má bhogann tú go dtí plean a chlúdaíonn buntáistí breise.*

## Tá cárta leighis agam. An féidir liom árachas sláinte príobháideach a bheith agam chomh maith?

Is féidir. Is féidir leat cárta leighis agus árachas sláinte príobháideach a bheith agat ag an am céanna. Má fhaigheann tú atreorú ó do dhochtúir teaghlaigh, beidh ort an cinneadh a dhéanamh an dteastaíonn uait go gcaithfear leat mar othar poiblí nó mar othar príobháideach. Ar an dóigh chéanna, má thógtar isteach in ospidéal thú, ní mór duit a insint dóibh an mian leat go dtógtar isteach thú mar othar poiblí nó othar príobháideach.

## Cathain is féidir liom mo pholasaí a chur ar ceal nó a athrú?

Go ginearálta, is conarthaí 12 mí iad conarthaí árachais sláinte. Ní mór do gach árachóir tréimhse shuaimhnithe 14 lá a sholáthar ón dáta athnuachana. Le linn na 14 lá seo, is féidir leat d'árachóir nó do pholasaí a athrú nó a chealú le linn seal an chonartha. D'fhéadfaí go ngearrfar táille chealaithe ort.

## Tá riocht sláinte agam cheana féin. An féidir liom an t-árachóir a athrú?

Is féidir. Má tá an tréimhse feithimh, a chuirtear i bhfeidhm do chustaiméirí nua, críochnaithe agat, beidh tú faoi árachas láithreach ón bpointe sin le haghaidh aon riocht sláinte a bhí agat cheana féin. Cuireann gach árachóir tréimhsí feithimh i bhfeidhm do chustaiméirí nua. Mar sin, má thosaíonn tú an tréimhse feithimh le hárachóir amháin agus ansin bogann tú go dtí árachóir eile, beidh ort an tréimhse feithimh a chríochnú leis an árachóir nua.

Ach má bhogann tú go dtí plean le buntáistí níos airde, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh ort tréimhse feithimh a chur isteach de bharr an uasghrádaithe seo. Le haghaidh tuilleadh eolais faoi tréimhsí feithimh, féach leathanach 9.



*Má bhogann tú go dtí plean le buntáistí níos airde, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh ort tréimhse feithimh a chur isteach de bharr an uasghrádaithe seo.*

## Cad a tharlaíonn má bhrisim mo chlúdach?


Má tharlaíonn briseadh i do chlúdach árachais sláinte a sháraíonn 13 seachtain, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh ort tréimhse feithimh, a chuirtear i bhfeidhm do chustaiméirí nua, a chur isteach arís. Má tá tú 35 bliain d'aois nó os a chionn, d'fhéadfadh sé tarlú go n-áireofar ualú Pobalrátú Saoil ar chostas do pholasaí. Le haghaidh tuilleadh eolais faoi tréimhsí feithimh, féach leathanach 8.

## Conas is féidir liom gearán a dhéanamh faoi m'árachóir sláinte?

Má tá gearán agat maidir le d'árachóir nó le do pholasaí árachais sláinte, ba chóir duit labhairt go díreach le d'árachóir ar an gcéad dul síos. Mura dtagtar ar réiteach tar éis duit dul i dteagmháil le d'árachóir, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an rialálaí ábhartha.

- Má bhaineann do ghearán le híosbhuntáistí, le Pobalrátú Saoil nó le tréimhsí feithimh, déan teagmháil linn.
- Má bhaineann do ghearán le hachrann maidir le héilimh, le nós imeachta clúdaigh, nó má dhiúltaítear duit de bharr reachta sláinte a bhí ann cheana féin, déan teagmháil le hOifig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean. Is cinneadh ceangailteach é cinneadh an Ombudsman ar gach páirtí mura ndéantar achomharc ina leith chuig an Ard-Chúirt.
- Má bhaineann do ghearán le caighdeáin seirbhíse, le neamhtheagmháil ó árachóirí nó le trédhearcacht, déan teagmháil leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí nó le Banc Ceannais na hÉireann.
- Má bhaineann do ghearán le cosaint sonraí, déan teagmháil leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

Mura bhfuil tú cinnte cad é an rialálaí ceart chun déileáil le do ghearán, déan teagmháil linn agus déanfaimid iarracht comhairle a thabhairt duit.



# Praghsanna, faoiseamh cánach agus lascainí

## An mbeidh tionchar ag m'aois ar chostas mo pholasaí?

Ní bheidh, go ginearálta. In Éirinn is é Pobalráitú Saoil an córas a úsáidtear don árachas sláinte. Ciallaíonn sé seo go n-íocann gach duine a cheannaíonn polasaí árachais sláinte faoi leith an méid céanna beag beann ar aois, inscne, stádas sláinte nó stair leighis. Tá roinnt eisceachtaí ann, áfach.

- Má cheannaíonn tú árachas sláinte den chéad uair nuair atá tú 35 bliain d'aois nó níos sine, nó má tá briseadh i do chhlúdach agat a sháraíonn 13 seachtain fad is atá tú 35 bliain d'aois nó níos sine, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh ort ualú Pobalráitú Saoil a íoc de bhreis ar chostas do pholasaí. Le haghaidh tuilleadh eolais faoi Pobalráitú Saoile, téigh go dtí leathanach 8.
- Maidir le páistí, ní féidir le hárachóirí níos mó ná 50% a ghearradh den chostas a bheadh ar pholasaí le haghaidh duine fásta.
- Tá polasaí “duine óg” ar fáil do dhaoine idir 18 agus 25 bliain d'aois.
- Tá laghdú ar fáil freisin do dhaoine eile:
  - Seanóirí a bhfuil ballraíocht shrianta acu le hárachóirí.
  - Daoine atá ina mbaill de scéimeanna grúpa nó corparáideach.



## An féidir liom faoiseamh cánach a éileamh ar m'árachas sláinte?

Má íocann tú d'árachas sláinte go díreach le d'árachóir, tá faoiseamh cánach leighis ar fáil ag an bhfoinse, agus cuireann an t-árachóir i bhfeidhm é sin chu costas iomlán do pholasaí a laghdú. Ciallaíonn sé sin go dtugtar an faoiseamh cánach go huathoibríoch mar lascaine ar chostas do pholasaí. Ní gá duit faoiseamh cánach a éileamh ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Má íocann d'fhostóir as d'árachas sláinte mar shochar comhchineáil, gearrfar cáin ar oll-luach an chostais atá ar do pholasaí. Ciallaíonn sé sin go mbeidh ort faoiseamh cánach árachais leighis a éileamh ó na Coimisinéirí Ioncaim. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie).



## An féidir liom faoiseamh cánach a éileamh ar mo chostais leighis nach bhfuil clúdaithe faoi m'árachas sláinte?

Is féidir. Má tá árachas sláinte agat, is féidir leat faoiseamh cánach a éileamh ar an gcuid de do chostais leighis nach bhfuil clúdaithe ag d'árachóir. Mar shampla, má d'íoc tú €60 as cuairt chuig an dochtúir teaghlaigh agus bhí €20 éilithe agat cheana fein ó d'árachas sláinte, is féidir leat faoiseamh cánach a éileamh ar an €40 atá fágtha. Ní mór duit cóipeanna a choimeád de na hadmhálacha chun an faoiseamh seo a éileamh. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie).



*Má tá árachas sláinte agat, Is féidir leat faoiseamh cánach a éileamh ar an gcuid de do chostais leighis nach bhfuil clúdaithe ag d'árachóir.*







## Tréimhsí feithimh

### Táim ag ceannach árachas sláinte den chéad uair. An mbeidh orm tréimhse feithimh a chur isteach?

D'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh ort tréimhse feithimh a chur isteach:

- Má thógann tú arachis sláinte amach den chéad uair;
- Má imíonn 13 seachtain thart ón uair dheireanach a raibh tú faoi árachas sláinte príobháideach.

Is iad seo na huastréimhsí feithimh do chustaiméirí nua:

			
<b>Timpiste agus gortuithe</b>	<b>Breiteacht a thosaíonn tar éis árachas a thógáil amach</b>	<b>Breiteacht a bhí ann sna sé mhí sular thóg tú an t-árachas amach</b>	<b>Éilimh a bhaineann le máithreachas</b>
<b>Ceann ar bith</b>	<b>26 seachtain</b>	<b>5 bliain</b>	<b>52 seachtain</b>

Nuair a bheidh na tréimhsí feithimh seo curtha isteach agat, ní bheidh ort iad a chur isteach arís fiú má athraíonn tú chuig árachóir eile – fad is nach mbeidh briseadh agat i do chlúdach níos faide ná 13 seachtain. Má athraíonn tú an t-árachóir laistigh den tréimhse feithimh, cuirfear san áireamh an méid ama atá curtha isteach leis an gcéad árachóir agus críochnóidh tú an tréimhse feithimh leis an árachóir nua.

Ní gá do leanaí a bhfuil a dtuismitheoirí ina sealbhóirí polasaí, aon tréimhse ama a chur isteach má áirítear iad laistigh de 13 seachtain óna ndáta breithe.

## Táim ag athrú an t-árachóir nó an plean. An mbeidh orm tréimhse feithimh a chur isteach?

D'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh ort tréimhse feithimh a chur isteach:

- Mura bhfuil an tréimhse feithimh, a bhaineann le custaiméirí nua, curtha isteach agat;
- Má bhogann tú go dtí plean ag a bhfuil buntáistí níos airde.

Má tá tú ag athrú plean nó ag uasghrádú do pholasaí go dtí ceann le clúdach níos airde, d'fhéadfadh na tréimhsí feithimh a leanas a bheith ag gabháil le haon bhuntáiste ar an bpolasaí nua:

Aon bhuntáiste níos airde	Buntáistí máithreachais
2 bhliain	52 seachtain

Ní chuireann na hárachóirí na huastréimhsí feithimh i bhfeidhm i gcónaí. Déan teagmháil dhíreach leis an árachóir chun a fháil amach cad iad na tréimhsí feithimh a bhaineann leatsa.

# Pobalrátú Saoil

Is córas é an Pobalrátú Saoil ina gcosnaíonn árachas sláinte níos mó do dhaoine atá níos aosta nuair a cheannaíonn siad den chéad uair é. Baineann sé seo le daoine atá os cionn 35 bliain d’aois atá ag ceannach árachas sláinte den chéad uair.

Tugadh isteach an t-ualú Pobalrátú Saoil sa bhliain 2015 chun daoine a spreagadh dul isteach sa mhargadh árachais ag aois níos óige.

- Má tá tú 35 nó níos sine agus tá árachas sláinte agat cheana féin, ní bheidh aon athrú ar chostas do chuid árachais bunaithe ar d’aois.
- Má tá tú 35 nó os a chionn nuair a cheannaíonn tú árachas sláinte den chéad uair, beidh ort 2% sa bhreis a íoc ar chostas iomlán do pholasaí do gach bliain nach raibh árachas sláinte agat idir an t-aois atá agat anois agus an bhliain ina raibh tú 34 bliain d’aois.

## Saampla

Tá John 45 bliain d’aois agus tá sé ag ceannach árachas sláinte den chéad uair. Chaith sé 11 bliain gan árachas sláinte agus é ina dhuine fásta. Mar sin, is é 22% (11 x 2%) an t-ualú Pobalrátú Saoil atá aige. Is é €1000 an costas atá ar a pholasaí tar éis faoiseamh cánach a chur san áireamh.

<b>Ollchostas an pholasaí</b>	€1000 + €200 cáin = €1200
<b>Ualú 22%</b>	22% of €1200 = €264
<b>Ollchostas lena n-áirítear an t-ualú</b>	€1464
<b>An méid atá le híoc ag John as a pholasaí</b>	€1264 (€1464 lúide €200 faoiseamh cánach)

# Ceisteanna Coitianta

## Bhí árachas sláinte agam roimhe seo. An laghdóidh sé seo an t-ualú Pobalrátú Saoil dom?

Laghdóidh. Cuirfear san áireamh na tréimhsí roimhe seo ina raibh tú clúdaithe nuair a bheidh an t-ualú Pobalrátú Saoile á ríomh ag an árachóir duit. Mar shampla, má tá tú 40 bliain d’aois agus gan aon árachas sláinte, ach bhí árachas sláinte agat ar feadh cúig bliana nuair a bhí tú idir 25 agus 30 bliain d’aois, bainfear cúig bliana ó d’ualú Pobalrátú Saoil.

“

*Cuirfear san áireamh na tréimhsí ina raibh tú clúdaithe nuair a bheidh d’ualú Pobalrátú Saoil á ríomh ag d’árachóir.*

## An mbeidh orm an t-ualú a íoc don chuid eile de mo shaol?

Ní bheidh. Beidh ort an t-ualú a íoc ar feadh 10 mbliana ar a mhéad.

## Cad é an t-ualú is mó atá ann?

Is é 70% an t-ualú uasta atá ceadaithe. Baineann sé seo le daoine 69 bliain d’aois nó os a chionn atá ag ceannach árachas sláinte den chéad uair.

## **Bhí mé clúdaithe faoi pholasaí mo thuismitheoirí nuair a bhí mé óg. An laghdóigh sé seo an t-ualú Pobalrátú Saoil dom?**

Ní laghdóigh. Ní aithnítear aon chlúdach a bhí agat mar pháiste.

## **Bhí orm m'árachas sláinte a chealú mar chaill mé mo phost. An mbeidh orm ualú Pobalrátú Saoil a íoc do na blianta nuair nach raibh sé ar m'acmhainn árachas sláinte a íoc?**

Aithnítear trí bliana má bhí árachas sláinte agat agus bhí ort é a chealú mar rinneadh iomarcaíocht ort. Ní mór go mbainfidh na nithe a leanas le hábhar:

1. Bhí tú ag fáil íocaíochtaí leasa sóisialacha nó bhí tú ag brath ar dhuine a bhí ag fáil íocaíochtaí leasa sóisialacha sa tréimhse díreach tar éis duit do phost a chailleadh;
2. Bhí tú gan fostaíocht ar feadh sé mhí ar a laghad.



## **Bhíodh clúdach agam ach chuir mé m'árachas sláinte ar ceal. An mbeidh orm ualú Pobalrátú Saoil a íoc?**

Má bhí clúdach agat roimhe seo ar feadh trí bliana nó níos mó, ach bhí ort é a chur ar ceal, aithnítear aon tréimhse gan clúdach a thosaigh ar nó tar éis 1 Feabhra 2019. Is é sé mhí an tréimhse clúdaigh is lú a aithnítear. An tréimhse is mó a aithnítear ná tréimhse sé mhí, nó níos mó ná sé mhí, ach nach sáraíonn trí bliana.

Ní gá go mbeidh na tréimhsí sé mhí seo comhleanúnach, ach nuair a shuimítear iad, ní cóir go sárófar trí bliana gan árachas. Faoin fhoráil seo, is cuma cén fáth ar chuir tú an t-árachas ar ceal.

## **An féidir liom mó chlúdach a bhriseadh ar feadh tréimhse ghearr gan tionchar a bheith aige sin ar m'ualú Pobalrátú Saoil?**

Is féidir. Tá briseadh 13 seachtain ceadaithe agus ní bheidh aon tionchar aige ar d'ualú Pobalrátú Saoil.

## **An cuirfidh gach árachóir an t-ualú Pobalrátú Saoil i bhfeidhm?**

Cuirfidh. Cuirfidh gach árachóir an t-ualú Pobalrátú Saoil i bhfeidhm ina bpleananna árachais sláinte othar cónaitheach

## **Cad a tharlaíonn má athraím an t-árachóir?**

Má athraíonn tú an t-árachóir, ní bheidh aon tionchar aige sin ar d'ualú Pobalrátú Saoil. Má tá ualú Pobalrátú Saoil á íoc agat le hárachóir amháin agus ansin athraíonn tú an t-árachóir, leanfaidh tú ort é a íoc leis an árachóir nua.



## An áirítear pleananna airgid tirim san ualú Poblárátú Saoil?

Ní áirítear. Ní áirítear ach pleananna árachais sláinte othar cónaitheach san ualú Poblárátú Saoil. Ní laghdóidh pleananna airgid tirim an t-ualú Poblárátú Saoil atá agat ar chor ar bith. Ciallaíonn sé seo fiú má tá plean airgid tirim agat agus athraíonn tú go dtí plean árachas sláinte othar cónaitheach, beidh ort ualú Poblárátú Saoil a íoc má cheannaíonn tú árachas príobháideach den chéad uair agus má tú 35 bliain d'aois nó os a chionn. Ní bheidh ort an t-ualú Poblárátú Saoil a íoc má cheannaíonn tú plean airgid tirim. Mar shampla, má cheannaíonn tú plean airgid tirim agus tú 75 bliain d'aois, íocfaidh tú an méid céanna is a íocfaidh duine atá 25 bliain d'aois.

**Féach ár suíomh gréasáin le haghaidh eolais faoi árachas sláinte agus chun comparáid a dhéanamh idir polasaithe árachais sláinte ag baint úsáide as ár n-uirlis chomparáide saor in aisce.**  
[www.hia.ie](http://www.hia.ie)



## Teagmhálaithe úsáideacha

Ainm	Guthán	Ar líne
An tÚdarás Árachais Sláinte	(01) 406 0080	<a href="http://www.hia.ie">www.hia.ie</a> <a href="mailto:info@hia.ie">info@hia.ie</a>
Irish Life Health	(01) 562 5100	<a href="http://www.irishlifehealth.ie">www.irishlifehealth.ie</a> <a href="mailto:heretohelp@irishlifehealth.ie">heretohelp@irishlifehealth.ie</a>
Laya Healthcare	(021) 202 2000	<a href="http://www.layahealthcare.ie">www.layahealthcare.ie</a> Online contact form
Vhi Healthcare	(056) 444 4444	<a href="http://www.vhi.ie">www.vhi.ie</a> <a href="mailto:info@vhi.ie">info@vhi.ie</a>
HSF Health Plan	0818 473 473	<a href="http://www.hsf.ie">www.hsf.ie</a> <a href="mailto:customer@hsf.ie">customer@hsf.ie</a>
An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	(01) 402 5555	<a href="http://www.ccpc.ie">www.ccpc.ie</a> <a href="mailto:ask@ccpc.ie">ask@ccpc.ie</a>
An tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean	(01) 567 7000	<a href="http://www.fspo.ie">www.fspo.ie</a> <a href="mailto:info@fspo.ie">info@fspo.ie</a>
An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	0818 07 4000	<a href="http://www.citizensinformationboard.ie">www.citizensinformationboard.ie</a> <a href="mailto:info@ciboard.ie">info@ciboard.ie</a> <a href="mailto:eolas@ciboard.ie">eolas@ciboard.ie</a>

**Is treoir ghinearálta amháin é an leabhrán seo. Ní téacsleabhar dlí é ná achoimre ar na nithe a d'fhéadfadh a bheith ag baint le do chás féin.**





An tÚdarás Árachais Sláinte  
The Health Insurance Authority

**An tÚdarás Árachais Sláinte**  
**Teach Lána Beaux**  
**Sráid Mercer Íochtarach**  
**Baile Átha Cliath 2**  
**D02 DH60**

**[www.hia.ie](http://www.hia.ie)**  
**[info@hia.ie](mailto:info@hia.ie)**  
**(01) 406 0080**